# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/2317 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

**an 22 Samhain 2022**

**maidir le húdarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI) (EUNAVFOR MED IRINI/5/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) don tréimhse go dtí an 31 Márta 2021.

(2) Foráiltear le hAirteagal 8(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472 go bhfuil, d'ainneoin na tréimhse sin, údarú na hoibríochta le hathdhearbhú gach 4 mhí agus go bhfuil an oibríocht le fadú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála mura bhfuil éifeacht tarraingthe ag imscaradh shócmhainní muirí na hoibríochta ar imirce ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe arna bailiú de réir na gcritéar a leagtar amach sa Phlean Oibríochta.

(3) An 26 Márta 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/542 ([2]), lenar cuireadh síneadh leis an oibríocht go dtí an 31 Márta 2023, faoi réir an nós imeachta athdhearbhúcháin chéanna.

(4) Chuir an Ceannasaí Oibríochta tuarascálacha míosúla ar fáil maidir le tosca tarraingthe.

(5) Ba cheart údarú na hoibríochta a athdhearbhú don naoú tréimhse 4 mhí dá sainordú agus ba cheart an oibríocht a fhadú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Athdhearbhaítear leis seo údarú EUNAVFOR MED IRINI agus déantar an oibríocht a fhadú ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 31 Márta 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/542 ón gComhairle an 26 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 108, 29.3.2021, lch. 57).